# Scoil Choille – An Geimhreadh

## An Spideog

Eochairfhocail:

- Spideog
- Machnamh
- anáil mhór
- cnónna
- geimhriú
- gráinneoga
- sciatháin leathair
- cleití
- snag breac
- préachán
- scréachóg choille
- dreoilín/ rí na n-éan

**Ar dtús, breathnaigh ar an gclár seo de Scoil Choille agus freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cén séasúr atá i gceist sa Scoil Choille?
2. Cén t-ainmhí a ndearna Gráinne tagairt dó sa mhír mhachnaimh?
3. Cad is brí leis an téarma geimhriú?
4. Cad a dhéanann na préacháin nuair a bhíonn luí na gréine ann?
5. Cén t-éan a fheiceann Síomha agus í ag siúl lena máthair?
6. Cad a dhéanann Gráinne sa mhír ealaíne?
7. Cén t-éan a mbíonn Gráinne agus na páistí ag canadh faoi ag deireadh an chláir?
8. An dtaitníonn an geimhreadh leat? Cén fáth?

# Gníomhaíocht Smaointeoireachta

**Anois, féach ar an gclár arís agus aimsigh an bhfuil na 12 ráiteas seo a leanas fíor nó bréagach. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.**

| | |
|---|---|
| Bíonn cuid de chréatúir na coille ina gcodladh i rith an gheimhridh | F |
| Dúnann na páistí a súile nuair a bhíonn machnamh ar siúl acu | |
| Samhlaíonn na páistí gur dreoilín iad agus iad i mbun machnaimh | |
| Bíonn sé éasca ar na hainmhithe teacht ar bhia i rith an gheimhridh | |
| Ní dhéanann aon ainmhithe geimhriú sa choill i rith an gheimhridh | |
| Bíonn an ghráinneog agus an sciathán leathair ag geimhriú gach geimhreadh | |
| Aimsíonn Frank agus Naoise cleite dreoilín nuair a bhíonn said ag siúl sa choill | |
| Is as an teaghlach céanna éan don phréachán, snag breac agus don scréachóg choille, a deir Frank linn | |
| Tá lá faoi leith sa gheimhreadh ainmnithe i ndiaidh an dreoilín | |
| Ní bhíonn ocras ar na héin i rith an gheimhridh | |
| Úsáideann Gráinne oráiste chun beathadán éan a dhéanamh | |
| Seinneann Frank uirlis cheoil ag deireadh an chláir | |

## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

**Seo a leanas sliocht faoin ngeimhreadh. Tá ocht mbotún le haimsiú sa sliocht. Scríobh amach an sliocht arís i do chóipleabhar agus na botúin ceartaithe agat. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.**

Is é an geimhreadh an séasúr is (1)fearr liom. Is iad mí na Nollag, mí Eanáir agus (2)míosa Feabhra míonna oifigiúla an gheimhridh. Bíonn an aimsir fuar agus fliuch i rith an gheimhridh. In ainneoin na drochaimsire sa gheimhreadh (3)chuaigh mé amach ag súgradh gach lá le mo chairde. Caithimid (4)cóta móra troma, scaifeanna agus hataí. Nuair a bhímid gléasta i gceart bímid te teolaí agus is féidir linn an lá ar fad a chaitheamh (5)amach faoin aer. Bíonn na (6)duilleogaí tite de na crainn faoin am go dtagann an geimhreadh gach bliain agus bíonn cuid mhaith ainmhithe ag geimhriú. É sin ráite, feictear go leor éan amuigh ag eitilt timpeall ag lorg bia. Titeann an Nollaig i lár an gheimhridh agus is breá liom é sin mar (7)thugann Daidí na (8)Nollaig bronntanas dom.



# Na Freagraí

1. An geimhreadh
2. Spideog
3. Bíonn cuid d'ainmhithe na coille ina gcodladh feadh an gheimhridh
4. Cruinníonn siad le chéile
5. An dreoilín
6. Beathadán éan
7. Rí na n-éan/ an dreoilín

Is é an geimhreadh an séasúr is (1)fearr liom. Is iad mí na Nollag, mí Eanáir agus (2)mí Feabhra míonna oifigiúla an gheimhridh. Bíonn an aimsir fuar agus fliuch i rith an gheimhridh. In ainneoin na drochaimsire sa gheimhreadh (3)téim amach ag súgradh gach lá le mo chairde. Caithimid (4)cótaí móra troma, scaifeanna agus hataí. Nuair a bhímid gléasta i gceart bímid te teolaí agus is féidir linn an lá ar fad a chaitheamh (5)amuigh faoin aer. Bíonn na (6)duilleoga tite de na crainn faoin am go dtagann an geimhreadh gach bliain agus bíonn cuid mhaith ainmhithe ag geimhriú. É sin ráite, feictear go leor éan amuigh ag eitilt timpeall ag lorg bia. Titeann an Nollaig i lár an gheimhridh agus is breá liom é sin mar (7)tugann Daidí na (8)Nollag bronntanas dom.